Féile Raifteirí an Phobail!

Radharc ón dhráma 'Seanchas na Sceiche' agus scoláirí ó Scoil Náisiúnta Bhaile Manach, Creachmhaoil ag glacadh páirte i gCeolchoirm na n-Óg ag Féile Raifteirí.

Tá Coiste Fhéile Raifteirí thar a bheith sásta leis an mhéid a cuireadh i gcrích le féile na bliana seo. Cinnte, d'éirigh go hiontach leis na himeachtaí uile thar dheireadh na seachtaine agus ceiliúradh déanta ar tréithe Raifteirí mar Ghael, mar fhile, mar amhránaí agus mar cheoltóir.

Osclaíodh an fhéile go hoifigiúil le seisiún ceoil, amhranaíochta agus filíochta faoin téama 'Raifteirí... fear conspóideach'. Bhí cuideachta breá filíochta i láthair inár léigh Colette Nic Aodha, Philip Cummings agus Simon Ó Faoláin. Ní amháin sin ach léadh cuid de shaothar Raifteirí is cumadh píosa go speisialta don ócáid agus baill ó 'Baffle' i láthair. Ar ndóigh, bhí réimse breá amhranaíochta is ceoil chomh maith agus an seisiún faoi stiúir Nóirín Ní Ghrádaigh, Verena Commins agus Seán Ó Flannagáin.

Leanadh leis an chumadóireacht agus Philip Cummings i gceannas ar cheardlann filíochta i gCúl a' Tí ina oifigí 'Gaeilge Locha Riach'. Tháinig scoileanna agus cumainn óige le chéile ag 'Ceolchoirm na n-Óg' in Óstán Locha Riach. Tuigtear go raibh siad i mbun cleachtadh agus iad ag ullmhú drámaí le 'Branar' agus i mbun ceardlanna amhránaíochta le Treasa Ní Cheannabháin. Bhí seacht ngrúpaí ar fad bainte leis an chuid seo den fhéile agus na céadta sa lucht féachúna. B'iontach go deo na taispeántais éagsúla a léiríodh in ómós Raifteirí idir cheol, amhránaíocht, filíocht agus drámaíocht.

Caithfidh a rá go raibh ceolchoirm mhór na féile i Leabharlann Locha Riach iontach speisialta ar fad agus réimse breá ceoltóirí, amhránaithe, damhsóirí agus filí i lathair: Joe Burke, Ann Conroy-Burke, Charlie Piggott, Marian McCarthy, Manus Maguire, Denis Carey, Catherine Mannion, Úna Ní Fhlannagáin, Seosamh Ó Neachtain, Tommy Healy, Muireann Ní Dhuigneáin, Philip Cummings agus Simon Ó Faoláin. Bhí foireann na leabharlainne agus fear fuaime na hoíche ar fheabhas ar fad agus ba léir gur thaitin an oíche leis an lucht éisteachta uile.

Ceoltóirí ó Chláirsigh Chonnachta faoi stiúir Úna Ní Fhlannagáin ag seinnt ceoil ag Ceolchoirm na n-Óg le linn Féile Raifteirí i mBaile Locha Riach.

Maidin Dé Domhnaigh, ceiliúradh tréithe spioradálta Raifteirí ag Aifreann na Féile ag a raibh ceol is amhránaíocht den scoth cumtha go speisialta ag Music Matters.

An trathnóna sin, tháinig slua daoine óga le chéile i gCreachmhaoil, áit a rinne siad ceiliúradh ar bhreithlá Raifteirí. Bhí a thuilleadh ceoil is amhranaíochta ann agus ní dhearna siad dearmad ciste milis a thabhairt ach oiread.

Tá Coiste Fhéile Raifteirí iontach bródúil go raibh siad ábalta clár chomh cuimsithsitheach a chur ar fáil do 'Féile Raifteirí' arís i mbliana. Ar ndóigh, is de bharr an tacaíocht iontach ó lucht urraithe atá clár chomh leathan curtha ar fáil agus an coiste iontach buíoch dóibh uilig:
An Comhairle Ealaíon, Foras na Gaeilge, Lough Rea Hotel & Spa, Coiste Gairmoideachais Chontae na Gaillimhe, Comhairle Chontae na Gaillimhe, Comhar Creidmheasa Naomh Breandáin, Sunrise Health Store, John Collins Accounting, Il Porcetto, Baffle, Comhaltas Ceoltóirí Éireann, Keary's Auctioneering, Gaeilge Locha Riach agus Cairde Raifteirí.

Tuigtear go raibh idir seacht agus ocht gcéad duine ag imeachtaí Féile Raifteirí i mbliana agus creidtear gur bhain filí, amhránaithe, ceoltóirí, aisteoirí agus pobal uile an cheantair sult ollmhór as imeachtaí na féile.

Cuid de na scoláirí ó Ghaelscoil Riabhach agus radharc ón dráma 'Raifteirí sa Reilig', gearrdhrama a léirigh siad le linn Cheolchoirm na n-Óg ag Féile Raifteirí.

Féile Raifteirí for Everyone!

Ag cheardlann filíochta le linn Fhéile Raifteirí bhí; Seán Ó Corbáin, Seán Ó Flannagáin, Philip Cummings (a stiúraigh), Brian Ó Meacháin, Áine Uí Fhlannagáin, Muireann Ní Dhuigneáin agus Phil Uí Chuimín.

Coiste Fhéile Raifteirí are delighted with their achievements for this year's festival. Of course, the entire programme of events went extremely well as the various traits of Raifteirí as a Gael, a poet, a singer and musician were celebrated.

The festival officailly opened with a music, singing and poetry session under the theme 'Raifteirí... fear conspóideach (a man of conspiracy)'

There was a fine selection of poetry with renowned poets Colette Nic Aodha, Philip Cummings and Simon Ó Faoláin reading. Some of Raifteirí's work was read and a number of pieces were especially composed for the occasion as there was great support from members of 'Baffle'. The music and song was under the guidance of Nóirín Ní Ghrádaigh, Verena Commins and Seán Ó Flannagáin.

The composition continued with Philip Cummings providing a poetry workshop 'Cúl a' Tí' at Gaeilge Locha Riach offices.

That afternoon schools and youth groups came together in the Lough Rea Hotel & Spa to celebrate 'Ceolchoirm na n-Óg'. It is understood that many of these groups had been prepar-ing for this occasion over a number of months as Irish Language drama group 'Branar' and sean-nós singer, Treasa Ní Cheannabháin had provided a varied series of workshops for them. In total, seven different youth groups/schools took to perform on stage providing very enjoyable selection of music, song, poetry and drama.

It must be said that the grand festival concert in Loughrea Library proved to be very special indeed with an excellent host of musicians, singers, poets and dancers including: Joe Burke, Ann Conroy-Burke, Charlie Piggott, Marian McCarthy, Manus Maguire, Denis Carey, Catherine Mannion, Úna Ní Fhlannagáin, Seosamh Ó Neachtain, Tommy Healy, Muireann Ní Dhuigneáin, Philip Cummings and Simon Ó Faoláin. The library team and sound engineer played an extremely important role in making this concert one for the audience to remember.

Sunday morning, the spiritual aspects of Raifteirí were commemorated at a special 'Aifreann i nGaeilge' at which Music Matters provided music and song. That afternoon, a crowd of young people gathered in Craughwell where they celebrated Raifteirí's birthday in style with more music, song and a birthday cake.

Joe Burke agus Ann Conroy-Burke ag casadh ceoil ag Ceolchoirm Mhór Fhéile Raifteirí i mBaile Locha Riach.

Coiste Fhéile Raifteirí are very proud that such a packed program was provided for this years festival. This of course was due to the great support of their sponsors which helped so much to bring Féile Raifteirí back for 2010:

The Arts Council, Foras na Gaeilge, Lough Rea Hotel & Spa, Coiste Gairmoideachais Chontae na Gaillimhe, Comhairle Chontae na Gaillimhe, Comhar Creidmheasa Naomh Breandáin, Sunrise Health Store, John Collins Accounting, Il Porcetto, Baffle, Comhaltas Ceoltóirí Éireann, Keary Auctioneering, Gaeilge Locha Riach and Cairde Raifteirí.
It is understood between seven and eight hundred folk attended various events of Féile Raifteirí this year. Poets, singers, musicians, actors and the entire public of all ages seemed to enjoy the events of Féile Raifteirí.

Denis Carey agus Manus Maguire ag seinnt ag Ceolchoirm Mhór Fhéile Raifteirí i mBaile Locha Riach.